

Trom an suan-sa ort, a Aodh — dán ag brostú
Aodha Uí Dhomhnaill (†1600)



Philip Mac a' Ghoill

Celtica 33 (2021), 295–306

DOI: 10.58480/SCS-3ascx-vtxvw

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

TROM AN SUAN-SA ORT, A AODH — DÁN AG BROSTÚ
*AODHA UÍ DHOMHNAILL (†1600)*¹

ACHOIMRE

Chum Uilliam Óg Mac an Bhaird an dán seo am éigin idir na blianta 1566 agus 1576 d'Aodh Ó Domhnaill (†1600), á bhroastú le dul i gcoinne riail na Sasanach in Éirinn agus ardríocht na tíre a ghabháil dó féin. Tá eagrán den dán ar fáil anseo bunaithe ar an aon chóip amháin de a mhaireann, i LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* sa bhliain 2010 le heagarthóireacht éadrom déanta air. Tá aistriúchán Béarla ar an dán curtha ar fáil anseo, chomh maith le plé ar ghnéithe den teanga agus den mheadarach sa réamhrá agus sna nótaí.

AN FILE

UILLIAM Óg (mac Cormaic) Mac an Bhaird (†1576) a chum an dán seo d'Aodh Dubh (mac Mhaghnaís) Ó Domhnaill (†1600). De réir *AFM* 1576, *ollamh Uí D[h]omhnaill lé dán* ab ea Uilliam Óg, agus fuair sé bás ar 22 Feabhra an bhliain sin i nDroim Mór, gar do Bhaile Dhún na nGall. Cé go maireann, ar a laghad, naoi ndán de chuid Uilliam Óg go dtí an lá inniu, níl ach trí cinn acu sin in eagar go dtí seo: *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (Ó Cuív 1977), dán leathaoire a chum sé sa bhliain 1572, leath de ag moladh Aodha Uí Dhomhnaill, agus leath de ag aoradh iarla Thuamhan, Conchubhar Ó Briain; *Trí Coin chosnas clú Gaoidheal* (*DMU* 18) a chum sé do Chú Chonnacht Mág Uidhir am éigin idir 1566 agus 1576; agus *Gréas dearbhtha Duan na Feirsde* a chum sé sa bhliain 1567 d'Aodh Ó Domhnaill mar gheall ar an mbua a fuair seisean ar Sheaán Ó Néill agus ar a arm i gcath Fhearsaid Mhór (Mac a' Ghoill 2020: 103–39). Tá na sé cinn eile i gcló in *ABM*:

ABM 230 *Fada súil Éireann re hAodh*
— d'Aodh mac Mhaghnaís Uí Dhomhnaill, am éigin idir
1566 agus 1576

ABM 266 *Gaoidhil meallta nó mac Néill*
— do Thoirdealbhadh mac Néill Uí Néill, am éigin idir
1566 agus 1576

¹Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hEoin Mac Cárthaigh, Mícheál Hoyne, eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as moltaí éagsúla le barr feabhais a chur ar an alt seo. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

- ABM 273 Gluais, a theachtaire théid siar*²
— do Sheaán Mac Uilliam de Búrca, am éigin idir 1571 agus 1576 (?)
- ABM 339 Mithidh th'athdhúsgadh, a Aodh*³
— d'Aodh mac Mhaghnaís Uí Dhomhnaill, am éigin idir 1566 agus 1576
- ABM 384 Olc cúitighthear comaoín Dé*
— dán cráifeach
- ABM 477 Trom an suan-sa ort, a Aodh* (in eagar thíos)
— d'Aodh mac Mhaghnaís Uí Dhomhnaill, am éigin idir 1566 agus 1576.

AN PÁTRÚN

Tháinig Aodh Dubh (mac Mhaghnaís) Ó Domhnaill i gcomharbas ar a dheartháir, an Calbhach Ó Domhnaill, mar thiarna ar Thír Chonaill sa bhliain 1566 tar éis bhás an Chalbhaigh. Bhí sé i gceannas ar Thír Chonaill go dtí gur sheas sé siar ó ról na ceannaireachta sa bhliain 1592, nuair a rinneadh tiarna dá mhac, Aodh Ruadh Ó Domhnaill. Fuair sé bás ar 7 Nollaig 1600.

ÁBHAR AN DÁIN

Cumadh an dán seo am éigin idir na blianta 1566 agus 1576. Brostaíonn Uilliam Óg Aodh Ó Domhnaill le dul i gcoinne riail na Sasanach in Éirinn, agus ceannasaíocht na hÉireann a ghabháil dó féin le tacaíocht ó uaisle eile na tíre. Níl sé soiléir an raibh aon rud ar leith a spreag Uilliam Óg chun an dán seo a chumadh. Is léir go raibh borradh ag teacht faoin gcomhrac agus faoin meon frithShasanach in Éirinn sa tréimhse sin. Dar ndóigh, an rud ba shuntasá a bhí ag titim amach in Éirinn ag an am ná an chéad éirí amach i nDeasmhumhain, agóid i gcoinne chumhacht agus thionchar na Sasanach i ndeisceart na tíre (1569–73). Tagann ábhar an dáin leis an dearcadh frithShasanach seo a bhí ag teacht chun cinn i measc na dtiarnaí Gaelacha ar fud fad na tíre.

Is léir nárbh é Aodh Dubh féin a choimisiúnaigh an dán, ós rud é nach raibh an file ag súil le híocaíocht uaidh as an dán a chumadh (féach rann 9), seachas Aodh a 'dhúiseacht'. Cheapfaí gur choimisiúnaigh pátrún i gCúige Mumhan an dán (bunaithe ar rainn 5, 11, agus 19 go háirithe), agus b'fhéidir nach raibh an file féin i dTír Chonaill ag an am a chum sé é. Tugann an dán seo le fios go

²Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu Uilliam Óg Mac an Bhaird nó a mhac, Uilliam Óg mac Uilliam Óg Mhic an Bhaird, atá i gceist nuair a chuireann scríobhaí an t-ainm seo le dán. Go hiondúil, déanann scríobhaithe idirdhealú idir an dá Uilliam Óg sna ceannscríbhinní, nó is féidir a dhéanamh amach cé acu atá i gceist ó eolas eile faoin dán (dáta, pátrún, cachtraí, srl.). Nílím go hiomlán cinnte cé acu a chum *ABM 273*.

³Tá an t-ábhar céanna i gceist leis an dá dhán *Mithidh th'athdhúsgadh, a Aodh* (*ABM 339*) agus *Trom an suan-sa ort, a Aodh* (in eagar san alt seo).

raibh iarrachtaí ar bun comhaontas a dhéanamh idir clanna uaisle na hÉireann ag an am a cumadh é, agus clanna uaisle i gCúige Uladh a tharraingt isteach san achrann i gcoinne chumhacht na Sasanach sa tír.

LÁMHSCRÍBHINN

Ní mhaireann an dán seo ach in aon LS amháin, is í sin LS G 167 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, duanaire dánta ar chlann Dálaigh. Tá alt in *Éigse* 1 (Ó Cléirigh 1939: 51–61, 130–42) ina bhfuil cur síos cuimsitheach ar an LS seo, agus tá cur síos uirthi i gcatalóg LSí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith (Ní Shéaghdha 1979: 8–15). Séamus Mág Uidhir a scríobh an LS ar fad, an chuid is mó di sa bhliain 1727 (an chóip den dán seo san áireamh) agus chuir sé 19 leathanach eile léi ní ba dhéanaí, am éigin tar éis na bliana 1738. Aodh Ó Domhnaill, Ceathrú Mhic Oireacht, Co. Liatroma, a choimisiún-aigh an LS. Tá 406 leathanach inti ([viii] + 398), agus 112 dán éagsúil (chomh maith le hocht sliocht as *Saltair na Rann* ag an tús). Tá an chóip den dán seo ar leathanaigh 162–4 [=170–2].

POLASAÍ EAGARTHÓIREACHTA

- Mé féin faoi deara ceannlitreacha, poncaíocht, áit an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, agus scaradh na bhfocal.
- Tá noda scaoilte agam i gcló iodálach.
- Tá *e*-ard scaoilte agam i gcló iodálach mar *ea* go hiondúil, ach mar *e* nó *ei* in áiteanna freisin nuair is cuí (m.sh. a heirr, líne 12*d*; f[h]rēimh líne 2*d*).
- Tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar ‘h’ gan a bheith i gcló iodálach ach amháin nuair atá an comhartha séimhithe mar chuid de líne chrochta shéimhithe.
- Léiríonn líne trí fhoca(i)l sna léamha (m.sh. ~~dhíom~~, líne 3*d*) botún de chuid an scríobhaí a cheartaigh sé féin sa LS.
- Tá síntí fada bainte agam os íseal de na défhoghair *ao*, *ia* agus *ua*, ach coinnítear síneadh fada ar an défhoghar *eó*.
- Úsáidim macran le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil, agus tá síntí fada neamhstairiúla bainte agam os íseal (m.sh. *thárla* > *tharla*, líne 7*b*).
- Déanaim normalú ar litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a* > *i* (= an réamhfhocail *i* *n*-), *as* > *is* (an chopail/an cónasc); agus athraím *cc*- > *gc*- agus *tt*- go *dt*-.

- Tá *it*, *dot*, srl. athraithe agam go *id*, *dod*, srl. os íseal nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal ina ndiaidh ar chonsan (m.sh. *it cheann* > *id cheann*, líne 23a).
- Úsáidim lúibíní cearnacha chun litreacha nach bhfuil sa LS a chur ar fáil (m.sh. *nár* > *ná[i]r*).
- I gcás athruithe eile, gheofar léamha na LSe ag bun an leathanaigh.

TEANGA

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal

Tá séimhiú curtha ar fáil agam sna línte seo a leanas:

- ar lorg ainmneach uatha baininsneach i líne 20b (*ní cóir ná budh coinne s[h]ídh*).
- ar lorg ainmfhocal san uimhir iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol i líne 14d (*sluaigh t[h]ionáil thort as gach tír*).
- ar lorg tabharthach uatha i línte 6c (*bean do mhuigh C[h]ruachan do chóir*), 17d (*teachta ó fhóir C[h]ruachan do-chím*), 18c (*budh lucht ainbhreath i ngort g[h]liadh*), agus 23d (*ná bí thall id thoirchim t[h]rom*).⁴
- ar lorg ginideach uatha den chineál a séimhítear ar a lorg sa teanga chlasaiceach i líne 12c (*budh hé críoch do chadail t[h]ruim*).

An réamhfhocal ‘gan’

I bhfianaise an tsampla le deimhniú meadarachta i línte 40ab den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (.i. *Ní gan fháth innisim sin / draoi Chormaic mheic Airt Éinfhir*), tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail *gan* i líne 8b (*a cobhair nī gnáth gan g[h]liadh*) agus i líne 11b (*gan síth re Gallaibh gan g[h]liadh*), mar a bheimis ag súil leis sa teanga chlasaiceach.

MEADARACHT

Rannaíocht mhór, dán díreach, meadaracht an dáin seo agus tagann leagan na LSe leis na rialacha a ghabhann leis an meadaracht seo den chuid is mó. De réir riachtanais na meadarachta seo, ní mór cuibheas inmheánach de shaghas éigin a bheith ann idir na haiceantaigh i línte *a–b* (féach Ní Dhomhnaill 1975, 77), ach glactar leis nach mbeadh gá le comhardadh slán chomh déanach seo sa tréimhse (tuilleadh plé in Breatnach 2017). Tá cuibheas feiliúnach ann idir

⁴Tá séimhiú curtha ar fáil ar lorg tabharthach uatha i bhfianaise an tsampla le deimhniú meadarachta i línte 9cd den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (.i. *dob indéinimh go réidh rinn / do fhréimh fhinnÉibhir d’Éirinn*). Bheimis ag súil le séimhiú ar lorg focal sa tabharthach uatha sa teanga chlasaiceach, agus deimhníonn an sampla seo gurbh é sin an polasaf a bhí ag ár bhfile.

na haiceantaigh i ngach *seóladh* síos tríd an dán, ach amháin gur cosúil go bhfuil an locht meadarachta *cáoiche* ann in *2ab* (*trom* : *trom*), *9ab* (*dhúsgadh* : *dhúsgadh*), *12ab* (*bhrath* : *brat[h]*) agus *18ab* (*chur* : *chur*). Tá dhá shampla den locht céanna sna leathrainn deiridh *9cd* (*dhaoibh* : *dhaoibh*) agus *12cd* (*críoch* : *críoch*).

BREACADH

Tugtar faoi deara go mbíonn cuibheas breise (comhardadh slán) taobh istigh de rainn/leathrainn go han-mhinic i bhfilíocht Uilliam Óg Mhic an Bhaird. Táim ag glacadh leis gur samplaí den ghléas ornáidithe *breacadh* iad seo, seachas lochtanna ar an meadaracht (féach Ní Dhomhnaill 1975: 45–54). Tá * curtha agam leis an bhfocal más é focal deiridh na líne:

3a —	3b <i>dhíol*</i> <i>dual</i>	3c <i>bhríogh</i> <i>ghruadh*</i>	3d <i>ghníomh, thríom*</i> <i>luadh</i>
9a <i>díol</i>	9b <i>dhíol*</i>	9c —	9d <i>fhíor*</i>
10a <i>leam*</i> ⁵	10b —	10c <i>leam*</i>	10d <i>fhearr</i>
12a <i>Cuinn*</i> ⁵	12b —	12c <i>thruim*</i>	12d <i>Chuinn</i>
16a <i>Slóigh, (tós)</i>	16b <i>dóigh</i>	16c <i>cóir, dóigh</i>	16d <i>dóibh</i>
17a <i>tír</i>	17b <i>Trír*</i>	17c —	17d <i>do-chím*</i>
18a <i>Lucht</i>	18b —	18c <i>lucht, ngurt</i>	18d <i>th'ucht</i>
20a <i>gcoinne</i>	20b <i>coinne</i>	20c <i>chloinne</i>	20d <i>choinne</i>

Dúnadh

Tá dúnadh cuí ann ag deireadh an dáin:

- 1a. ***Trom*** an suan-sa ort, a Aodh
23d. ná bí thall id thoirchim ***throm***.

CEANNSCRÍBHINN

Uilliam Óg Mac an Bhaird do chan so, acc brosdadh Aodh[a]
m[h]eic Maghnasa.

‘Uilliam Óg Mac an Bhaird composed this, inciting Aodh son of
Maghnas.’

⁵Is cosúil go raibh an comhardadh slán seo idir déanaigh línte *a–c* ceadaithe i rannaíocht mhór agus rannaíocht bheag agus na riachtanais do *bhreacadh* arna gcomhlíonadh (féach Ní Dhomhnaill 1975, 51–3, le haghaidh tuilleadh plé agus samplaí eile).

TÉACS

1. Trom an suan-sa ort, a Aodh;
nī chuala socht mar an suan;
a gcuala sinn róm dā rádh
nī mór nach nár linn a luadh.
2. A-táthar trom oraibh uaidh
id chodladh gi[dh] trom a-táidh;
labhair re bhar b[h]fád[h]aibh féin,
tabhair f[h]rēimh Dálaigh id dháil.
3. Gabh do bhrosdadh uaim, a Aodh,
gā hollamh nach dual do dhíol?
Beag an bhríogh — gríosadh do ghruadh —
luadh do ghníomh dā dtíosadh thríom.
4. Red shuan is dealaighthe dhaoibh
go leathnaighthe do luadh ráidh;
sreath do chomhaibh ar chloinn Néill,
nā boing chéill do chobhair chāigh.
5. Cuir *feasda* — is fada do shuan! —
ar fhearaibh Mumhan do mhaor,
acht muna rabh sé ar bhar síodh,
nā bíodh cradh 'gun té red thaobh.

AISTRIÚCHÁN

1. Heavy is your slumber, Aodh; I have never heard of a peaceful period like this one; I am almost ashamed to mention what I have heard said in my presence.
2. However heavy your sleep may be, you are being criticised because of it; speak to your own wise men, gather the descendants of Dálach around you.
3. Embrace this incitement from me, Aodh, what poet should not be paid? If I were to recite your achievements, it would not be very impressive, [causing] your cheeks to blush.
4. You must awaken from your sleep so that the recitation [of your achievements] may be expanded; a series of tributes are owed [to you] by the family of Niall, do not despair of the support of others.
5. Long is your slumber! Set hereafter your steward upon the Munstermen, but do not allow him who is near you to have wealth if he is not at peace with you.

LÉAMHA

- 1c. romhainn
2b. cholladh
3d. ~~dhíom~~ thríom
4a. dealaidhthe
5d. réd

6. Nā bí ag anmhain sa[n] tír thuaidh,
gach críoch go ngabhthair a géill,
bean do mhuigh C[h]ruachan do chóir —
t' uathadh slóigh nā cuir i gcéill.
 7. Nī hanta ag fiadhach nō ag fíon
an triallsoin ō tharla i ndán —
ráth Teamhrach cuir as a claon —
an tAodh Eang[h]ach ruibh dā rádh!
 8. Ionnsaig[h] trā t[h]ulaigh an Trír —
a cobhair nī gnáth gan g[h]liaidh;
cia dod thrēad nachar bhrēag Bōinn?
Nā féag róimh, nā dé[a]g id dhiaidh.
 9. Do dhúsgadh ō's díol dom dhán
do-ním led dhūsgadh mar dhíol;
lór dhaoibh i ndēine do shuan,
dhaoibh is dual Éire, mās f[h]íor.
 10. Mar do-nī-se is neamhbāidh leam,
ar bheagán don tír-si thall;
tú gan lasair nī lōr leam,
mór gurb[h] f[h]jearr i nglasaibh Gall.
-
6. Do not tarry in the northern land until the hostages of every land are taken; take from the plain of Cruacha that which is owed to you — do not act as though your host is small.
 7. Relieve the fort of Tara from her collapsed state — hunting and feasting should not continue while that endeavour is destined — you are being called Aodh Eanghach!
 8. Approach, therefore, the mound of the Three; she is not normally helped without [engaging in] battle; who of your flock was not enticed by the Boyne? Look neither before you nor behind you.
 9. I am waking you up and I will consider it a payment for my poem; you have slept enough, Ireland should be yours, it seems.
 10. I disapprove of what you are doing [confining yourself to] this small patch of land; I believe it is not good enough for you to be without a flame, being in English shackles would be greatly preferable (?).

8d. feach

10a. ní sé; 10c. lassair; 10d. nglasaibh

11. Mar taoi id chodladh sa[n] tír thuaidh
gan síth re *Gallaibh*, gan g[h]liaidh —
beir maicne *Dálaigh* id dháil —
ná[i]r le haicme mbádhaigh mBriain.
 12. Bíodh do bhrath ar Bhanbha Cuinn,
gabhtar an brat[h] as a bheinn —
budh hē críoch do chadail t[h]ruim —
críoch Chuinn agaibh as a heirr.
 13. Is tráth dhó a ngríosadh do-gheibh
ar Bhóinn, dā dtíosadh a thail
triall as an toirchim a b[h]fuil —
nī fhuil fiadh gan oirchill air.
 14. Aodh Eang[h]ac[h] do fhocail fáidh
do chobhair *Teamhrach* an Trír;
mac Siobháin ar dtocht a-tuaidh
slua[i]gh t[h]ionáil thort as gach tír.
 15. *Tilidh* Aodh *Eang[h]ach* gach iath;
do shaor na *Teamhrach* is tráth;
mithidh leam adhnadh dā fhíoch —
bíoth 'na cheann nō cabhradh cách.
-
11. The amiable O'Briens consider it shameful that you are sleeping in the northern land, making neither peace nor war with the English — gather the sons of Dálach around you!
 12. Let your objective be Ireland, an objective which is achieved from the top [and] Ireland will be yours by its end — it will be the end of your heavy slumber.
 13. It is time for him to challenge those across the Boyne, if his will to leave his slumber comes — no land can be taken without first preparing for it.
 14. Aodh Eanghach is destined to assist Tara of the Three; Siobhán's son coming from the north [with] hosts massing around you from every land.
 15. Aodh Eanghach controls every land; it is high-time, I believe, for him to incite his fury and free Tara — let all support (?) or help him.

11a. *cholladh*

12c. *chadaidh* (?)

13c. *toirrchim*

14c. *Siubhain, an-trír a thuaidh*

15d. *biodh*

16. Slōigh Uladh ar tós ag triall,
nī dóigh na curaidh do chlád —
cóir dóigh as an damhna ríogh —
Banbha do dhíon dóibh i ndán.
17. Beiridh cobhair ōn tír thuaidh,
ō Aodh ar thulaigh an Trír;
ní ba heachtra ar uathadh slóigh,
teachta ō fhóir C[h]ruachan do-chím.
18. Lucht Danar do chur tar cuan,
Teamhair do chur as a claon;
budh lucht ainbhreath i ngurt g[h]liadh
fian Laighneach as th'ucht, a Aodh.
19. Nī díse d'Aodh Ulaidh féin,
dā ghaol na curaidh ō Chliaigh;
Muimhnigh nā brosdadh go Bōinn —
fóir Luimnigh dā mbrosdadh biaidh.
20. Lēigfid i gcoinne cóig sluaigh,
nī cóir nā budh coinne s[h]ídh,
ag teacht fa choim chloinne Ī Néill,
Goill féin id choinne do-chím.

16. The hosts of Ulster travelling first, [since] the protection of Ireland is their destiny, these warriors are unlikely to be turned back — it is right to place hope in the king to be.
17. Aodh will bring help to the mound of the Three from the northern land; it will not be an endeavour with a small host, [as] I see messengers coming from the war-band of Connacht.
18. The warrior band of Leinster will be making exorbitant demands on the battlefield on your behalf, Aodh, to drive the foreigners out to sea, restoring Tara from her collapsed state.
19. The Ulstermen themselves are not more loyal to Aodh; the warriors from Cliú are of his kin; let him not rush the Munstermen to the Boyne (?) — the warrior-band of Limerick will be hastening them [there on his behalf].
20. Five hosts will gather, rightly it would be a peaceful encounter arriving under the protection of the families of Niall's descent — the Gall (.i. Anglo-Normans) themselves I see supporting you.

17a. thuaith; 17b. thulaidh; 17c. nibudh; sluaigh

19c. brosdaigh

21. Meic ríogh sa[n] chonair nār clódh
dod dhíon romhaibh ar an raon;
cuiream soraídh le bhar suan,
cluineam luadh oraibh, a Aodh.
22. Beid ort ag sgaoileadh a sgeóil,
Gaoidhil ag tocht as gach taoibh;
th'aire re ráth Éibhir d'uaim,
nī tráth suain do dhéinimh dhaoibh.
23. Cuir brosdadh ar chách id cheann,
an fád mar do chosain Conn
nī cóir rí gan oirchill ann;
nā bí thall id thoirchim throm.
21. The sons of kings steadfast in their paths provide you with protection on the way;
let us hear mention of you, Aodh, let us bid your slumber farewell!
22. Gaels coming from all directions will be spreading their message about you; your
intention of uniting Éibhir's fort (.i. Tara), it is not time for you to be sleeping.
23. Incite all who are in support (?) of you, it is not right to have an unready king
over the land that Conn protected; do not remain there in your heavy slumber.

21b. as (*in áit* ar); **21c.** cuirim; **21d.** cluinim

22c. Eimhir; **22d.** dheanamh

23d. thoirchim

NÓTAÍ

1c. Tá *romhainn* na LSe athraithe agam go *róim* chun líon ceart siollaí agus cuibheas inmheánach a chur ar fáil (*róim* : *mór*).

2d. Teastaíonn foirm an áinsígh uatha den ainmfhocal *fréamh* sa líne seo ionas go mbeidh aicill ann (*féin* : *f[h]réimh*), agus tá séimhiú curtha ar fáil agam tar éis *tabhair* (.i. modh ordaitheach, 2 uatha).

3. Aistriúchán malartach: *Gabh do bhrosdadh uaim, a Aodh, gā hollamh nach dual do dhíol — beag an bhríogh gríosadh do ghruadh — luadh do ghníomh dā dtíosadh thríom.* ‘Let me incite you, Aodh; what poet should not be paid for the recitation of your deeds that may come as a result of me [inciting you] — there is little point in shaming you [into action].’

4d. Maidir le ‘do not despair of’ mar aistriúchán ar *ná boing chéill do*, féach *DIL* s.v. ciall (e).

5d. Maidir le ‘he who is dependent on you’ mar aistriúchán ar *[an] té red thaobh*, féach *DIL* s.v. taeb 3 (c).

7ab. D'fhéadfadh an chéad *-a-* in *Ní hanta* a bheith meánach nó gearr agus é ag teacht roimh an gcarn *-nt-* mar seo (féach Ó Curnáin 2012: 348–9). Léiríonn an céile cuibhis (*tharla*) go bhfuil sé meánach sa chás seo.

8cd. Ionas go mbeidh cuibheas inmheánach sa leathrann seo, ní mór *feach* na LSe a athrú go *féag* (: *bhréag*), agus fágann an t-athrú seo cuibheas breise sa leathrann (*thréad* : *bhréag* : *féag* : *déag*). Is díol suime é go bhfuil comhardadh slán idir ceithre aiceantach inmheánacha mar seo. Féach go bhfuil sampla eile de seo sa dán *Tréan ríogh uaisligheas ollamh*, línte 21cd: *gá geall is fhearr rem agra? Fa gheall is fhearr iontagra* ‘what better security have I for my suit? It is a security which is best discussed’ (Mac a’ Ghoill 2020: 74).

12cd. Tagraíonn an forainm firinsneach *hé* i líne 12c don ainmfhocal firinsneach *brath* i línte 12ab. Tagraíonn an forainm sealbhach *a h-* i líne 12d don ainmfhocal baininsneach *críoch* sa líne roimhe.

13c. Tá an dara *-r-* bainte agam den fhocal *toir(r)chim* anois toisc nach bhfuil ann ach léiriú ar shíneadh meánach agus nach cuid de bhunlitriú an fhocail é (féach *DIL* s.vv. *toirchim* agus *tairthím*).

14cd. Is cosúil go bhfuil sampla anseo den locht *agallaimh agus fáisnéis* (féach *IGT* V §§23, 122; agus *BST* 224.18–26), áit a labhraíonn an file faoin bpátrún (.i. 14c *mac Siobháin ar dtocht a-tuaidh*) agus leis an bpátrún (.i. 14d *sluaigh thionáil thort as gach tír*) taobh istigh de rann amháin. Gheofar tuilleadh plé in Ó Baoill (1990: 377–92) agus Sims-Williams (2005: 315–26).

15d. Níl mé go hiomlán cinnte faoin aistriúchán seo ós rud é gur féidir *’na cheann* a aistriú mar ‘in support of him’ (féach *DIL* s.v. 1 cenn IV 47) nó mar ‘in opposition to him’ (féach *DIL* s.v. 1 cenn IV 45). D’fhéadfaí an líne seo a aistriú mar ‘let all be [either] in opposition to him or in support of him’ freisin.

Tá an éiginnteacht chéanna agam i gcás líne 23a. D’fhéadfaí an líne a aistriú mar ‘Incite all those who are in opposition to you’ freisin.

19cd. Ní ritheann aon bhealach eile le *nā brosdaigh* na LSe a léamh seachas mar *brosdaidh* sa mhodh ordaitheach, 3ú uatha (.i. *ná brosdadh*; *IGT* III §80) cé nach dtagann an tuiscint seo go han-mhaith le brí an rainn ina iomláine, dar liom.

Tá an briathar seo ann arís i líne 19d (*dā mbrosdadh*), an t-ainm briathartha an uair seo, a chiallaíonn nach bhfuil an locht meadarachta *cáoiche* sa leathrann (féach *ABP* §2, líne 69).

20a. Tá *slóigh* na LS athraithe agam go *sluaigh* ionas nach mbeidh aicill neamh-mheadarúil idir é agus *cóir* i líne 20b.

20b. Tá diúltach dubailte sa líne seo nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán. Ba litriúla ‘it is not right that it would not be a peaceful encounter’.

20c. Is iarméarla é *Í* sa líne seo, agus báitear é ar lorg *chloinne* (féach Ní Dhomhnaill 1975: 10–11).

- 21b.** Is ar mhaithe le ciall an rainn atá *as* na LSe athraithe agam go *ar*.
23a. Maidir leis an aistriúchán ar *id cheann*, féach nóta 15*d* thuas.
23d. Maidir leis an dara *-r-* atá bainte agam den fhocal *thoir(r)chim*, féach nóta 13*c* thuas.

GIORRÚCHÁIN

- ABP** Eoin Mac Cárthaigh, *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin, 2014).
DMU David Greene (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh 1566–1589, Edited from the Copenhagen Manuscript* (Dublin, 1972).

LEABHARLIOSTA

- BREATNACH, PÁDRAIG A. 2017: ‘Ornamentation in *Rannagheacht*’, in Gordon Ó Riain (ed.), *Dá dTrian Feasa Fiafraighidh* (Dublin), 293–337.
 MAC A’ GHOILL, PHILIP 2021: ‘Rogha dánta as LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann’, tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath).
 NÍ DHOMHNAILL, CÁIT 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).
 NÍ SHÉAGHDHA, NESSA 1979: *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland: Fasciculus V, Mss. G 161–G 207* (Dublin).
 Ó BAOILL, COLM 1900: ‘Person-shifting in Gaelic verse’, *Celtica* 21, 377–92.
 Ó CLÉIRIGH, TOMÁS 1939–40: ‘A poem book of the O’Donnells’ [parts 1 and 2], *Éigse* 1.1–4, 51–61, 130–142.
 Ó CÚÍV, BRIAN 1977: ‘The Earl of Thomond and the poets, A.D. 1572,’ *Celtica* 12, 125–45.
 Ó CURNÁIN, BRIAN 2012: ‘An dán díreach, carnach agus meánach’, in Liam Mac Amhlaigh agus Brian Ó Curnáin (eag.), *Ilteangach, Ilseiftiúil: Féilscríbhinn in ómós do Nicholas Williams* (Baile Átha Cliath), 328–95.
 SIMS-WILLIAMS, PATRICK 2005: ‘Person-switching in Celtic panegyric: figure or fault?’, in J. F. Nagy and L. E. Jones (eds), *Heroic Poets and Poetic Heroes in Celtic Tradition* (Dublin), 315–26.

PHILIP MAC A’ GHOILL

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath